# Duilleog



## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 18 Fómhar 2011




An tAire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaoich ag bronnadh dhuais Ghlór na nGael 2010 ar an Chomharchumann in Ostán Carton House i gCo Chill Dara ar 16 Aibreán, le Máire Mhic Niallais agus Íde Ní Uallacháin, Cathaoirleach Ghlór na nGael



# Margadh Bidh



## An Chrannóg
## Dé Sathairn 10 Meán Fómhair
## 10.00 - 12.00





Ma tá suim agat spás a ghlacadh, cuir scairt ar 074 9532208.

## Comhgháirdeas

Comhgháirdeas lenár Rúnaí Oifige Emma Ní Ghallchobhair agus a fear céile Éamonn Mac Aoidh a pósadh ar 12 Lúnasa.

Guímid gach beannacht agus ádh mór orthu in sna blianta atá rompu.

***

Le
Pearsa Pobail Chnoc Fola na Bliana 2011
Iar - Bhainisteoir an Chomharchumainn
Antoin Mac Aodha
Bulaidh Fir a Tony

# Fleadh Cheoil na hÉireann 2011 An Cabhán

## An Crann Óg ag an Fleadh










# Tórramh Brian Anson i Machaire Gáthlán



Bhí a Thórramh ann ar an 16 Lúnasa. Ba é an Dr P Ó Baoighill Sagart Paróiste Ghaoth Dobhair a dúirt an tAifreann. Bhí a mhac Finn agus a gharmhac Mark i láthair.

Go ndéanaí Dia a mhaith air.

# Féile Traidisiúnta Chnoc Fola 2011











Ba é Domhnall Ó Cnáimhsí Rúnaí an Chomharchumainn agus Cathaoirleach Ghuth na Gaeltachta a sheol Féile Chnoc Fola i mbliana ag Teach Mhuiris. Mhol sé an pobal áitiúil as a ndílseacht don dúchas don teanga agus don fhéile. Bronnadh Gradaim an Fhéile don bhliain 2011 ar Antoin Mac Aodha iar-bhainisteoir an Chomharchumann agus ar duine den phobal é as a dhíogras agus a chuidiú don cheantar agus don fhéile. Bhí an lá maith Dé Sathairn agus bhí cruinniú mór daoine ag Teach Mhuiris ag ceiliúradh an tsaoil traidisiúnta ag ithe ag ól agus ag ceol. Bhí Aifreann na Féile ag an Athair Donnchadh Ó Baoighill ar an Domhnach.

D'éirigh go maith leis an deire seachtaine agus le imeachtaí uilig na féile.

## Campa Samhraidh 2011





Bhí an Campa ann i mbliana ón 4 Iúil - 26 Lúnasa. Ba sa Chrannóg agus sa Phobalscoil a bhí sé ar siúl ag brath ar aoiseanna. D'éirigh go maith leis agus bhí freastal maith air go dtí an deireadh le Uirlisí Ceol, Amhránaíocht Spóirt agus Ealaín.

## Ranganna Ceoil sa Chrannóg

**Dé Luain 12 Meán Fómhair:**
**Giotár, Tosaitheoirí - 6.00-7.00 & 7.00-8.00**

**Dé Máirt 13 Meán Fómhair :**
**Accordion , 6 – 7. Fidil , 7.00 – 8.00**

**Dé Céadaoin 14 Meán Fómhair:**
**Mandolin, 7.00 – 8.00, Concertina 6.00 – 7.00**

**Déardaoin 15 Meán Fómhair :**
**Feadóg, 6.00 – 7.00.**

**Clárú ar an oíche .**
**Tuilleadh eolais ó 9532208.**

**Ranganna Gaeilge TEG & Rang comhrá ag toiseacht gan mhoill. Do thuilleadh eolais cuir scairt ar 074 9532208**

# Loinneog Lúnasa 2011


An Crann Óg


Banna Ceoil Árainn Mhór


Seisiún leis an Crann Óg Tigh Hiudaí


Banna Ceoil Dhobhair

Don dara bliain reáchtáladh an Féile Ceoil "Loinneog Lúnasa" i nGaoth Dobhair ón 12-14 Lúnasa. Is co-oibriú atá ins an Fhéile idir Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair agus Cumann Trádála & Turasóireachta Ghaoth Dobhair, agus d'éirigh go h-iontach maith leis. Bhí clár leathan de imeachtaí idir ceolchoirmeacha le Dónal Lunny, Paddy Glackin, Patricia Scanlon, Gráinne Holland agus An Crann Óg. Bhí ceardlainn ceoil ins an Chrannóg, agus seimineár le Ian Lee ó RTE in Ionad Naomh Pádraig Dobhar. Bhí dhá ghrúpa as tuaisceart na hÉireann sa cheantar - An Droichead, Béal Feirste agus fid-léirí Dhoire agus Aontroim Thuaidh. Bhí comórtas buscála agus ar an Domhnach agus bhí Paráid bhreá bannaí ceoil ón Bhun Bheag go Doirí Beaga. Tá tús maith curtha leis an Fhéile agus tá súil againn go rachaidh sé ó neart go neart sna blianta romhainn. Buíochas mór do Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge agus na gnóanna áitiúla a thug urraíocht don fhéile.